Vacsaín 6 in 1
Eolas le haghaidh Tuistí

Céard í an Vacsaín 6 in 1?

Tugann an vacsaín 6 in 1 cosaint do do leanbh i gcoinne sé ghalar: diftéire,heipitíteas B, haemophilus influenzae cineál B (Hib), polaimiailíteas,teiteanas agus triuch.

Céard iad na galair seo?

Is ionann **Diftéire** agus galar baictéarach a d'fhéadfadh cumhdach tiubh a chruthú sa tsrón, sa scórnach nó san aer-phíobán.
Siomtóim: scórnach tinn, fiabhras, tinneas cinn agus croíráta tapaidh.
Aimhréidh fhéideartha: teip croí, pairilis, fadhbanna anála tromchúiseacha nó deacracht le slogadh.

Is ionann **Heiptiíteas B** agus ionfhabhtú víreasach a chuireann isteach ar an ae agus a d'fhéadfadh ionfhabhtú ar feadh an saoil a chruthú. Aimhréidh fhéideartha"cirrhosis", ailse nó teip ae..

Is ionann **Hib** agus ionfhabhtú baictéarach a d'fhéadfadh athlasadh inchinne (meiningíteas), nimhiú fola (seipticéime), broincíteas agus ionfhabhtaithe cluaise a chruthú.
Siomtóim:fiabhras, urlacan, tinneas cinn agus muineál righin.

Is ionann **Polaimiailítis** agus ionfhabhtú víreasach a théann i bhfeidhm ar an gcóras nearógach agus d'fhéadfadh pairilis a bheith mar thoradh air.

Is ionann **Teiteanas (“Glas géill”)** agus galar a chruthaíonn freanga matán phianmhar agus d'fhéadfadh taomanna nó deacrachtaí anála a bheith mar thoradh air. Is minic a bhíonn sé marfach.

Is ionann **Triuch** agus ionfhabhtú víreasach a chruthaíonn casacht ghreannach a éiríonn níos measa de réir a chéile. D'fhéadfadh casacht treacha ar leith a bheith i gceist.
Aimhréidh fhéideartha: deacrachtaí anála thromchúiseacha, niúmóine, teip croí agus scamhóige agus lot inchinne.

Is tinnis thromchúiseacha iad na rudaí thuas go léir, a d'fhéadfadh a bheith ina dtrúig bháis.

Cé hiad na daoine go mba chóir dóibh a bheith vacsaínithe le 6 in 1?
Tugtar an vacsaín 6 in 1 do leanaí ag 2 mhí, 4 mhí agus 6 mhí. Ba cheart iad a thabhairt ag do dhochtúir teaghlaigh chun an vacsaín a fháil saor in aisce.

Cén fáth a thugtar 6 in 1 uirthi in ionad 5 in 1?
Áirítear sa 6 in 1 na vacsaíní go léir ata sa 5 in 1 agus an vacsaín heipitítis B ina dteannta sin.
In Éirinn, tá méadú tagtha ar líon na gcásanna de heipitíteas B i rith gach bliana idir 1996 agus 2005. Le blianta beaga anuas, tuairscíodh níos mó ná 800 cás in aghaidh na bliana (féach léaráid).

Líon na bhFógraí de heipitíteas B víreasach 1982-2006 (foinse: Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC)



Trí Heipitíteas B a áireamh sa chlár leanbhaoise tabharfar cosaint do pháistí Éireannacha anois agus nuair a bheidh siad níos sine. Is í an tslí is éifeachtaí chun cosc a chur ar ionfhabhtú heipitítis B sa phobal ginearálta ná tríd an vacsaín a

thabhairt go luath.

Cé hiad na daoine go mba chóir dóibh an 6 in 1 a fháil?

Is beag duine nár cheart dó/di an 6 in 1 a fháil.6 1 Níor cheart do do leanbh é a fháil má tháinig fíorfhrithghníomh ailléirgeach air/uirthi (anaifiolacsas) de bharr vacsaíne a fuair sé/sí roimhe sin nó aon chuid de vacsaín.

Céard a tharlóidh tar éis don vacsaín a bheith tugtha?

D'fhéadfadh roinnt leanaí fulaingt le míchompord, deargadh nó at san áit a tugadh an instealladh. D'fhéadfadh sé/sí a bheith cantalach agus d'fhéadfadh fiabhras a bheith air/uirthi. Má tharlaíonn sé seo, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein do leanaí a thabhairt dó/di. Ba cheart go leor le n-ól a thabhairt dó/di chomh maith. Bí cinnte nach bhfuil sé/sí ró-the agus nach mbíonn a c(h)uid éadaí ag cuimilt i gcoinne áit an insteallta.

Chun a thuilleadh eolais a fháil

- Téigh i dteagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó le d'altra sláinte poiblí.
- Faigh cóip de **imdhíontaí Do linbh – Treoir do thuistí** ó d'altra sláinte poiblí
- Tabhair cuairt ar www.immunisation.ie nó www.hpsc.ie

Arna fhoilsiú ag: Oifig Náisiúnta FSS um Imdhíonú
Dáta foilsithe: Aibreán 2008
Cód Ordaithe: HNI00510